Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí
Junior Cycle Final Examination
Gaeilge T2
Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal
Triail éisteachta shamplach C

Ceist 1: Cainteoir

Is mise Ivy Nic Aodha Bhuí. Tá mé i mo chónaí gar d'Ard an Rátha i gContae Dhún na nGall. Tá beirt deirfiúracha agus deartháir amháin agam, Anna, Astrid agus Ben. Tá Anna ag déanamh staidéir ar an Eolaíocht i gColáiste na Tríonóide, i mBaile Átha Cliath. Tá Astrid sa séú bliain agus tá Ben sa chéad bhliain. Is í an Ghaeilge an t-ábhar is fearr liom. Is aoibhinn liom filíocht go háirithe. Is í Máire Áine Ní Ghearailt an file is fearr liom. Déanaim staidéar ar an bhFraincis freisin – is aoibhinn liom í. An bhliain seo chugainn beidh mé san idirbhliain agus beidh seans agam dul go dtí an Fhrainc leis an rang ar feadh dhá sheachtain. Táim ag súil go mór leis.

Ceist 2: Fógra

Dia dhaoibh. Is mise Pádraig Ó Liatháin, rúnaí an chlub peile, Na Gaeil Óga. Beidh blitzchomórtas mór ar siúl sa chlub ag an deireadh seachtaine. Beidh foirne peile ó gach cearn den tír ag glacadh páirt ann. Tosóidh an blitzchomórtas ar a deich a chlog ar maidin. Roinnfear na foirne ina ndá ghrúpa agus beidh trí fhoireann i ngach grúpa. Imreofar na cluichí ceannais sa tráthnóna. Beidh go leor imeachtaí eile ar siúl le linn an lae speisialta seo. Beidh ceoltóirí ag seinm am lóin agus tar éis an chomórtais. Beidh bobaidí ann do na páistí óga freisin. Tá súil agam go mbeidh sibh ábalta teacht go dtí an ócáid speisialta seo. Go raibh míle maith agaibh.

Ceist 3: Comhrá

Síofra: A Éamoinn! Cén chaoi a bhfuil tú? Is fada an lá ó chonaic mé thú! An bhfuil tú fós i do chónaí anseo i nDún Dealgan?

Éamonn: A Shíofra! Deas thú a fheiceáil arís. Táim go breá, go raibh maith agat. Nílim i mo chónaí anseo i nDún Dealgan a thuilleadh, faraor. Bhogamar go teach nua faoin tuath sé mhí ó shin.

Síofra: I ndáiríre? I gContae Lú nó i gcontae eile?

Éamonn: I gContae Mhuineacháin. Cúig chiliméadar ó Bhaile Mhuineacháin.

Síofra: Agus an dtaitníonn sé leat?

Éamonn: Taitníonn agus ní thaitníonn. Tá an teach go hálainn. Tá sé mór agus compordach. Tá mo sheomra codlata féin agam agus tá gairdín ollmhór againn freisin. Tá abhainn bheag gar dúinn agus tá sé an-suaimhneach. Faraor, níl mórán daoine ina gcónaí thart orainn. Tá mo chairde go léir ina gcónaí i mBaile Mhuineacháin nó anseo i nDún Dealgan. Bíonn orm síob a fháil chun mo chairde a fheiceáil.

Síofra: Tuigim sin. Bhuel, ba cheart dúinn cuairt a thabhairt ort am éigin.

Éamonn: Bheadh sé sin ar fheabhas. Cuir glao orm am éigin.

Síofra: Cuirfidh, go cinnte. Slán!